

BUISÉAD

2005

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
51 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Facs: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALES OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
51 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
(Tel: 01 – 6476834/35/36/37; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

(Prn. 3654) Costas €2.00

Achoimre
de na
Bearta Buiséad 2005
Athruithe Beartais

Tá an doiciméad seo á fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie. I gcás aon difríocht idir na leaganacha sa dá theanga, cinnteoidh an Roinn Airgeadais an bhrí cheart atá i gceist agus ní bheidh aon dul thar an gcinntiú sin.

ACHOIMRE UM BEARTA BUISÉID 2005 – ATHRUITHE BEARTAIS

CLÁR ÁBHAR

	Leathanach
RANNÁN I	
BEARTA CÁNACHAIS.....	1
Athruithe sa Cháin Ioncaim.....	1
Cáin Ioncaim Eile.....	2
Dleacht Stampa.....	2
Cánachas na bhFeirmeoirí.....	4
Mál	5
CBL	5
Athruithe um ÁSPC.....	5
Athbhreithniú na nDreasachtaí agus na nDíolúintí Cánach	6
RANNÁN II	
BEARTA CAITEACHAIS.....	7
Leas Sóisialach.....	7
Sláinte agus Leanaí.....	9
Fiontar, Trádáil & Fostaíocht.....	9
Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta	9
Taoiseach.....	9
RANNÁN III	
SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE LE MÍCHUMAS.....	10
Clár Infheistíochta Ilbhliantúil 2006-2009.....	10
Sláinte & Leanaí.....	11
Oideachas & Eolaíocht.....	11
Comhshaol, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil.....	11
Dlí agus Ceart, Comhionannas & Athchóiriú Dlí.....	11
Oifig na nOibreacha Poiblí.....	12
Bearta Eile Aon Uaire	12
RANNÁN IV	
CLÚDAIGH CHAIPITIL IL-BHLIANTÚLA 2005-2009.....	13

RANNÁN I
BEARTA CÁNACHAIS

ATHRUITHE UM CHÁIN IONCAIM

Pacáiste um Cháin Phearsanta

Is iad seo a leanas na príomheilimintí, lena n-áirítear costais ghaolmhara, den phacáiste um cháin phearsanta, a thiocfaidh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005:

Athruithe don Cháin Ioncaim	Costas do Bhliain Iomlán €m																																						
Méadú de €230 sa Chreidmheas Cánach Fostaí chuig €1,270	283																																						
Méadú de €60 singil/€120 pósta sna Creidmheasanna Pearsanta chuig €1,580/€3,160 pósta	115																																						
Bandaí Ráta Caighdeánach Nua ó 1 Eanáir 2005:																																							
<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 60%;"></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Molta</u></th> <th style="width: 10%;"></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Singil</td> <td style="text-align: center;">€28,000</td> <td style="text-align: center;">€29,400</td> <td rowspan="4" style="text-align: center; vertical-align: middle;">233</td> </tr> <tr> <td>Pósta le hIoncam Amháin</td> <td style="text-align: center;">€37,000</td> <td style="text-align: center;">€38,400</td> </tr> <tr> <td>Pósta le Dhá Ioncam¹</td> <td style="text-align: center;">€56,000</td> <td style="text-align: center;">€58,800</td> </tr> <tr> <td>Tuismitheoir Aonair/ Baintrí (Fir)</td> <td style="text-align: center;">€32,000</td> <td style="text-align: center;">€33,400</td> </tr> </tbody> </table>		<u>Reatha</u>	<u>Molta</u>		Singil	€28,000	€29,400	233	Pósta le hIoncam Amháin	€37,000	€38,400	Pósta le Dhá Ioncam ¹	€56,000	€58,800	Tuismitheoir Aonair/ Baintrí (Fir)	€32,000	€33,400																						
	<u>Reatha</u>	<u>Molta</u>																																					
Singil	€28,000	€29,400	233																																				
Pósta le hIoncam Amháin	€37,000	€38,400																																					
Pósta le Dhá Ioncam ¹	€56,000	€58,800																																					
Tuismitheoir Aonair/ Baintrí (Fir)	€32,000	€33,400																																					
Teorainneacha Díolúine Aoise (singil/pósta) Méadú de €15,500/€31,000 chuig €16,500/€33,000	9																																						
Creidmheasanna Eile ó 1 Eanáir 2005:																																							
<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 60%;"></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Reatha</u></th> <th style="text-align: center; border-bottom: 1px solid black;"><u>Molta</u></th> <th style="width: 10%;"></th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Leanbh Éagumasaithe</td> <td style="text-align: center;">€500</td> <td style="text-align: center;">€1,000</td> <td rowspan="8" style="text-align: center; vertical-align: middle;">8</td> </tr> <tr> <td>Dail:</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td> Singil</td> <td style="text-align: center;">€800</td> <td style="text-align: center;">€1,000</td> </tr> <tr> <td> Pósta (an bheirt dall)</td> <td style="text-align: center;">€1,600</td> <td style="text-align: center;">€2,000</td> </tr> <tr> <td>Baintreach (Fir nó Mná)</td> <td style="text-align: center;">€300</td> <td style="text-align: center;">€400</td> </tr> <tr> <td>Tuismitheoir Baintrí (Fir):</td> <td></td> <td></td> </tr> <tr> <td> Bliain 1</td> <td style="text-align: center;">€2,600</td> <td style="text-align: center;">€2,800</td> </tr> <tr> <td> Bliain 2</td> <td style="text-align: center;">€2,100</td> <td style="text-align: center;">€2,300</td> </tr> <tr> <td> Bliain 3</td> <td style="text-align: center;">€1,600</td> <td style="text-align: center;">€1,800</td> </tr> <tr> <td> Bliain 4</td> <td style="text-align: center;">€1,100</td> <td style="text-align: center;">€1,300</td> </tr> <tr> <td> Bliain 5</td> <td style="text-align: center;">€600</td> <td style="text-align: center;">€800</td> </tr> </tbody> </table>		<u>Reatha</u>	<u>Molta</u>		Leanbh Éagumasaithe	€500	€1,000	8	Dail:			Singil	€800	€1,000	Pósta (an bheirt dall)	€1,600	€2,000	Baintreach (Fir nó Mná)	€300	€400	Tuismitheoir Baintrí (Fir):			Bliain 1	€2,600	€2,800	Bliain 2	€2,100	€2,300	Bliain 3	€1,600	€1,800	Bliain 4	€1,100	€1,300	Bliain 5	€600	€800	
	<u>Reatha</u>	<u>Molta</u>																																					
Leanbh Éagumasaithe	€500	€1,000	8																																				
Dail:																																							
Singil	€800	€1,000																																					
Pósta (an bheirt dall)	€1,600	€2,000																																					
Baintreach (Fir nó Mná)	€300	€400																																					
Tuismitheoir Baintrí (Fir):																																							
Bliain 1	€2,600	€2,800																																					
Bliain 2	€2,100	€2,300																																					
Bliain 3	€1,600	€1,800																																					
Bliain 4	€1,100	€1,300																																					
Bliain 5	€600	€800																																					
Méadú i dtairseach Thobhach Sláinte ó €356 in aghaidh na seachtaine go €400 in aghaidh na seachtaine	34 ²																																						
Iomlán	682																																						

¹ Le hinaistritheacht uasta idir céilí de €37,000 sa bhliain 2004 agus €38,400 sa bhliain 2005.

² Léireofar an costas seo i laghdú sa leithghabháil –i-gcabhair sa Vóta Sláinte.

Leagtar amach tuilleadh mionsonraí de phríomheilimintí cánach an phacáiste in Iarscríbhinn A

CÁIN IONCAIM EILE

Tiocfaidh gach beart i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2005 mura maítear a mhalairt.

Liúntas do Chíos arna Íoc ag Tionóntaithe Áirithe

Dóibh siúd faoi bhun 55 bliain d'aois, tá an t-uasleibhéal cíosa a íoctar ar lóistín príobháideach ar cíos ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh, ag an ráta caighdeánach cánach; tá sé á ardú ó €1,270 go €1,500 in aghaidh na bliana do dhuine singil agus ó €2,540 go €3,000 in aghaidh na bliana do dhaoine ar baintreacha nó pósta iad. Is ionann é seo agus creidmheas cánach de €300 in aghaidh na bliana do dhaoine singile agus €600 do dhaoine ar baintreacha nó pósta iad. Dóibh siúd in aois 55 bliain nó os a cionn, tá an t-uasleibhéal cíosa a íoctar ar ar féidir faoiseamh cánach a éileamh tá sé á mhéadú ó €2,540 go €3,000 in aghaidh na bliana do dhuine singil agus ó €5,080 go €6,000 in aghaidh na bliana do dhaoine ar baintreacha nó pósta iad. Is ionann é seo agus creidmheas cánach de €600 in aghaidh na bliana do dhuine singil agus €1,200 do dhaoine ar baintreacha nó pósta iad.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €3.6 milliún i 2005 agus €5.2 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh Cánach ar Tháillí a Íoctar ar Oideachas Tríú Leibhéal

Tá an t-uasmhéid de tháillí incháilithe ar ceadaithe iad faoin scéim fhaoiseamh cánach do tháillí tríú leibhéal á mhéadú ó €3,175 in aghaidh na bliana go €5,000 in aghaidh na bliana. Is féidir an faoiseamh a éileamh ag an ráta caighdeánach cánach agus beidh an t-uasmhéid nua ar fáil i ndáil le táillí a íoctar i leith na bliana acadúla 2005/2006.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €1 milliún i 2005 agus €3 milliún i mbliain iomlán.

Cáin ar Shochar Dífhostaíochta – Oibríthe Córasacha Gearr-Ama

Síneofar an díolúine speisialta cánach do shochar dífhostaíochta d'oibríthe córasacha gearr-ama, a tugadh isteach san Acht Airgeadais 1994 agus a leathnaíodh san Acht Airgeadais 1995; síneofar í ar feadh dhá bhliain bhreise go dtí 31 Nollaig 2006.

Is é €1.1 mhilliún an costas a mheastar a bheith ag an mbeart seo i 2005 agus €1.5 i mbliain iomlán.

Sochair Chomhchineáil – Méadú i dTairseach na nDíolúintí Sochair Bhig

Faoi na socrúcháin 'Sochar Comhchineáil' atá ann a tugadh isteach in Eanáir na bliana 2004, féadann fostóir sochar beag a thabhairt d'fhostaí nach mó ná €100 é gan ÍMAT agus ÁSPC a fheidhmiú ar an sochar sin. Ní cháilíonn níos mó ná sochar amháin a thugtar d'fhostaí i mbliain chánach don chóireáil sin. Méadófar an tairseach reatha de shochar beag chuig €250.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €1.6 milliún sa bhliain 2005 agus €2 milliún i mbliain iomlán.

DLEACHT STAMPÁLA

Athruithe sna Rátaí Dhleacht Stampa do Cheannaitheoirí Céaduaire um Maoin Chónaitheach Dara Láimhe

Tá na rátaí dhleacht stampa do cheannaitheoirí céaduaire ar úinéirí-shealbhóirí de mhaoin chónaitheach dara láimhe iad á n-athrú. Taispeántar thíos na struchtúir dhleacht stampa mar is ann dóibh faoi láthair agus na cinn nua:

Tairseacha	An Ráta atá ann do Cheannaitheoirí Céaduaire	Ráta Nua do Cheannaitheoirí Céaduaire
Suas go €127,000	Díolmhaithe	Díolmhaithe
€127,001 go €190,500	Díolmhaithe	Díolmhaithe
€190,501 go €254,000	3%	Díolmhaithe
€254,001 go €317,500	3.75%	Díolmhaithe
€317,501 go €381,000	4.5%	3%
€381,001 go €635,000	7.5%	6%
Os cionn €635,000	9%	9%

Feidhmeoidh an struchtúr rátaí nua ar ionstraimí dlíthiúla a bhaineann leis an maoin seo a rithear ar nó i ndiaidh 2 Nollaig 2004. Tiocfaidh na coigiltis dhleacht stampa seo a leanas mar thoradh air seo do cheannaitheoirí céaduaire de mhaoin dara láimhe ag raon na luachanna a thaispeántar thíos:

Luach Maoine	Coigilteas (€)
€150,000	Nialas
€200,000	6,000
€232,000	6,960
€250,000	7,500
€300,000	11,250
€308,000	11,550
€350,000	5,250
€400,000	6,000
€450,000	6,750
€500,000	7,500
€550,000	8,250
€600,000	9,000
€650,000	Nialas

Is iad seo a leanas na meánluachanna do mhaoin dara láimhe go náisiúnta agus i mBaile Átha Cliath don dara ceathrú den bhliain 2004:

Meánluach na dtithe dara láimhe An Meán Náisiúnta	Foriomlán	€301,620
	Ceannaitheoirí Céaduaire*	€232,000
Meán Bhaile Átha Cliath	Foriomlán	€399,536
	Ceannaitheoirí Céaduaire*	€308,000

*Sonraí meastaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil

Beidh na ceannaitheoirí céaduaire ar úinéirí-shealbhóirí iad díolmhaithe fós ó dhleacht stampa ar mhaoin chónaitheach nua suas go 125 méadar chearnacha. Leanfaidh páirtfhaoiseamh i bhfeidhm, bunaithe ar an struchtúr nua rátaí a imlínítear thuas, nuair a sháraíonn maoin dá leithéid 125 méadar chearnacha.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €60 milliún sa bhliain 2005 agus €63 milliún i mbliain iomlán.

Dleacht Caipitiúil Cuideachtaí

Laghdófar an dleacht de 1% a ghearrtar ar eisiúint scairchaipitil go 0.5% d'idirbhearta a dhéantar ar nó i ndiaidh 2 Nollaig 2004.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €12 milliún sa bhliain 2005 agus i mbliain iomlán.

Díolúine Dhleacht Stampa do Mhalartú Chártaí Airgeadais

Soláthróidh an Bille Airgeadais 2005 díolúine um dhleacht stampa ón muirear dúbailte ag eascairt ó mhalartú chártaí airgeadais ar nós cártaí creidmheasa, cártaí muirir, cártaí ATM agus cártaí Léasair. Beidh comhairliúchán ann leis na comhlachtaí ábhartha iomchuí faoi uainiú agus scóip na forála roimh fhoilsiú an Bhill Airgeadais féin.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €0.2 milliún i 2005 agus €3 milliún i mbliain iomlán.

Faoiseamh um Dhleacht Stampa do Mhalartú Thalamh Feirme chun críoch Dhaingniú Feirme

Soláthróidh an Bille Airgeadais 2005 faoiseamh nua um dhleacht stampa do mhalartú thalamh feirme idir bheirt fheirmeoirí chun críoch dhaingniú gabháltas gach feirmeoir gan an dleacht stampa a fheidhmiú ach i ndáil le méid ar comhionann é leis an difear i luachanna na dtailte i gceist, nach mór a íoc le hairgead tirim. Bíonn gach feirmeoir faoi dhliteanas faoi láthair don dleacht stampa iomlán ar mhaoin a fhaigheann siad. Feidhmeoidh an faoiseamh seo ar feadh thréimhse dhá bhliain agus beidh na mionsonraí iomlána, lena n-áireofar na coinníollacha cáilitheachta, sa Bhille Airgeadais.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €0.5 milliún i 2005 agus €1 milliún i mbliain iomlán.

CÁNACHAS FEIRMEOIRÍ

Faoiseamh Stoic d'Fheirmeoirí

Síneofar an faoiseamh stoic ghinearálta de 25 faoin gcéad atá ann d'fheirmeoirí agus an faoiseamh stoic mar dhreasacht faoi leith de 100 faoin gcéad d'fheirmeoirí óga traenáilte ón 1 Eanáir 2005 ar feadh dhá bhliain eile.

Is é €2 mhilliún an costas a mheastar a bheith ag an mbeart seo sa bhliain 2005 agus i mbliain iomlán.

Rialáil Thruailliú Feirme

Laghdófar an tréimhse um scríobh síos na scéime speisialta um fhaoiseamh cánach don chaiteachas ar bhearta chun rialáil thruailliú feirme ó 7 go 3 cinn de bhlianta chun is go dtabharfaí cúnaimh d'fheirmeoirí chun comhall le Clár Gníomhaíochta Níotráite. Is féidir an caiteachas a cháilíonn d'fhaoiseamh cánach faoin scéim speisialta seo a scríobh síos faoi láthair in imeacht 7 mbliana ag 15 faoin gcéad in aghaidh na bliana ar feadh 6 bliana agus 10 faoin gcéad i mbliain 7 leis an rogha chun socrúchán níos solúbtha um scríobh síos a fháil i leith an cion níos lú de €31,750 nó 50 faoin gcéad den chaiteachas incháilithe in aon bhliain faoi leith. Don chaiteachas sin a dtéitear faoi i rith na tréimhse 4 bliana ag tosú ar 1 Eanáir 2005, soláthrófar faoiseamh faoin scéim seo ag 33½ faoin gcéad in aghaidh na bliana thar thréimhse 3 bliana scríofa síos. Na feirmeoirí ar mian leo an socrúchán solúbtha um scríobh síos atá ann a fháil beidh siadsan fós in ann leanúint ar aghaidh á fháil. Gheofar na sonraí iomlána sa Bhille Airgeadais.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €2 milliún i 2005 agus €4 milliún i mbliain iomlán.

Meánú d'íocaíochtaí áirithe gan íoc faoi Scéimeanna FEOGA don Íocaíocht Dhíreach

Forálfar sa Bhille Airgeadais 2005 chun a chur ar chumas na bhfeirmeoirí nach mbíonn ag úsáid mheánú ioncaim cheana féin chun críocha cánach chun íocaíochtaí áirithe a mheánú atá fós gan íoc faoi scéimeanna íocaíochtaí díreacha FEOGA i gcaitheamh na dtrí bliana 2005, 2006, 2007. Feidhmeoidh an beart seo d'íocaíochtaí a dhéantar i 2005 do theidlíochtaí a bhunaítear don bhliain féilire 2004 i ndáil le scéimeanna FEOGA a bheidh le hionadú ag an Scéim um Íocaíochtaí Singile Feirme nua.

MÁL

Faoiseamh Máil do Mhiondrioglanna

Táthar ag tabhairt isteach faoisimh speisialta do bheoracha a tháirgítear i miondrioglanna ag laghdú ráta caighdeánach Cháin na dTáirgí Alcóil faoi 50%. Is ionann an faoiseamh seo agus 29 cent (CBL san áireamh) ar phionta beorach den ghnáth-thréine. Chun críocha an fhaoisimh seo, is miondrioglanna na drioglanna nach dtáirgíonn níos mó ná 20,000 heictilítear in aghaidh na bliana.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €1 milliún sa bhliain 2005 agus i mbliain iomlán.

Tionscnamh um Peitreal Saor ó Shulfar

Mar bheart timpeallachta, táthar chun difreáil mháil do pheitreal saor ó shulfar a thabhairt isteach i rith na bliana 2005 (sainmhínithe mar pheitreal le hábhar sulfair de níos lú ná 10 gcuid sa mhilliún) ag leanúint ar ar tugadh isteach don pheitreal saor ó shulfar i mBuiséad na bliana 2002. Fógrófar mionsonraí breise sa Bhille Airgeadais.

Tá an beart seo ceaptha le bheith neodrach ó thaobh an Státchiste de.

Cáin Chláraithe Feithicle

Síneofar an scéim seo a sholáthraíonn aisíoc 50% de VRT ar cheannach feithiclí 'hibrideacha' ar feadh dhá bhliain síos go 31 Nollaig 2006. Coinneofar faoi athbhreithniú an tsaincheist um thabhairt isteach srianta don fhaoiseamh seo ar fheithiclí faoi bhun méid innill éigin.

Is é €2 mhilliún an costas a mheastar a bheith ag leanúint an bhirt seo sa bhliain 2005 agus i mbliain iomlán.

CBL

Forlíonadh Ráta Comhréidh CBL na bhFeirmeoirí

Táthar ag méadú ráta réidh na bhfeirmeoirí ó 4.4 faoin gcéad chuig 4.8 faoin gcéad ó 1 Eanáir 2005. Cinnteoidh an t-athrú ráta seo go gcúiteofar feirmeoirí neamhchláraithe in iomlán don CBL a iompraíonn siad ar a n-ionchur gnó. Beidh méadú comhréireach go 4.8 faoin gcéad do dhíol beostoic ag feirmeoirí cláraithe don CBL.

Meastar go gcosnóidh an beart seo €13 milliún i 2005 agus €16 milliún i mbliain iomlán.

ATHRUITHE UM ÁSPC

Fostaí

Ó 1 Eanáir 2005, méadófar síleáil rannchuidiú bliantúil ÁSPC an fhostaí ó €42,160 go €44,180.

Tá an méid seo ag cloí leis an toimhdiú a rinneadh don ioncam ÁSPC mar a leagadh amach sna Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí 2005.

Nóta: Stádas na mBeart Cánach

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara ar shlí ghinearálta faoi na bearta cánach a imlínítear sa Ráiteas Airgeadais agus do na cáipéisí gaolmhara agus nach n-áirítear leis na Rúin Airgeadais faoin Acht Sealadach

um Bailiú Cánach 1927; go dtugtar éifeacht reachtaíochta dóibhsean trí achtú an Bhille Airgeadais 2005 ag an Oireachtas. Féadann athruithe teacht chun cinn i rith an phróisis reachtaíochta seo. Féadann siad teacht aníos freisin má bhaineann saincheisteanna an AE maidir le cabhair Stáit agus go n-éilíonn an Coimisiún Eorpach na hathruithe sin sula dtugann sé a cheadú nó a imréiteach.

Athbhreithniú na nDreasachtaí agus na nDíolúintí Cánach

Rachaidh an Roinn Airgeadais agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2005 i mbun athbhreithniú mionsonrach ar scéimeanna áirithe um dhreasachtaí cánach agus díolúintí cánach. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo measúnú ar a n-éifeacht agus a n-oibriú lena n-áirítear a sochair eacnamaíocha agus sóisialacha do na háiteanna agus na hearnálacha éagsúla lena mbaineann agus don phobal trí chéile. Déanfaidh an t-athbhreithniú scrúdú freisin ar a mhéad agus a ligeann na scéimeanna seo do dhaoine aonair ardioncaim chun a ndliteanais chánach a laghdú.

Chomh maith le scrúdú ar an gcur chuige a bhíonn amuigh go hidirnáisiúnta, áireofar leis an athbhreithniú phróiseas comhairliúcháin ag lorg aighneachtaí ar bhearta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun an méid a laghdaíonn na dreasachtaí dá leithéid bille cánach na ndaoine a thuilleann ioncam mór a theorannú. Bainfidh obair sheachtrach chomhairliúcháin leis an athbhreithniú freisin um measúnú na scéimeanna dreasachta seo a leanas:

- Athnuachan Uirbeach
- Athnuachan Tuaithe
- Athnuachan Baile
- Cónaí-os-cionn-an-tSiopa
- Carrchlóis Il-Urláir
- Páirceáil agus Síob
- Lóistín Mac Léinn
- Foirgnimh TríúLeibhéal
- Óstáin agus Tithe Saoire
- Tithe Altranais
- Ospidéal Phríobháideacha
- Clinici Spóirt
- Áiseanna Cúram Leanáí

Ar deireadh, cuimseoidh an t-athbhreithniú iniúchadh ar na sonraí atá dlite le teacht ar lámh faoi dheireadh na bliana 2005 i ndáil le hioncam díolmhaithe áirithe .i. coillte, staileanna agus cúnna chomh maith le sonraí a bheidh ar fáil um dhíolúintí eile m.sh. d'ealaíontóirí. Fanann na dátaí críochnaithe do scéimeanna éagsúla a leagadh síos san Acht Airgeadais 2004 gan athrú.

Déanfaidh an tAire Airgeadais machnamh ar thoradh na hoibre seo agus cuirfidh sé moltaí chun cinn do Bhuiséad Nollaig na bliana 2006.

RANNÁN II

BEARTA CAITEACHAIS

Nóta Eolais

Ba cheart na suimeanna a leagtar amach thíos a léamh i gcomhar leis an méid a sholáthraítear in Imleabhar na Meastachán Giorraithe ar 18 Samhain 2004.

LEAS SÓISIALACH

(Féach freisin Iarscríbhinn C, mar a dtaispeántar na hathruithe sna huasrátaí seachtainiúla íocaíochta ó Eanáir 2005 agus méaduithe sa Sochar Leanaí ó Aibreán 2005.)

Is é costas iomlán na bhfeabhsuithe Leasa Shóisialaigh ná €834.15 milliún sa bhliain 2005 agus €874.00 milliún i mbliain iomlán.

Rátaí Seachtainiúla Leasa Shóisialaigh

Méadófar rátaí seachtainiúla pearsanta do gach pinsean seanaoise agus gaolmhar faoi €12.00, le méaduithe cionmhara do phinsinéirí ar rátaí laghdaithe, ón gcéad seachtain d'Eanáir na bliana 2005.

Méadóidh ráta uasta pearsanta eile faoi €14.00 in aghaidh na seachtaine, le méaduithe cionmhara d'éilithoirí ar rátaí laghdaithe, ón gcéad seachtain d'Eanáir na bliana 2005.

Méadófar Liúntais Cháilithe Uasta do Dhaoine Fásta (LCUDF-anna) mar seo a leanas:

- €9.30 in aghaidh na seachtaine do Phinsin Seanaoise (Ranníocaíochta), Scoir agus Easláine mar a mbíonn an duine fásta incháilithe ag 66 bliain d'aois agus os a cionn;
- €8.00 in aghaidh na seachtaine do Phinsin Seanaoise (Ranníocaíochta) agus Pinsin Scoir mar a mbíonn an duine fásta incháilithe faoi bhun 66 bliain d'aois;
- €7.90 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Seanaoise (Neamh-Ranníocaíochta)
- €7.90 in aghaidh na seachtaine do Phinsean na nDall mar a mbíonn an duine fásta ag 66 bliain d'aois agus os a cionn;
- €10.00 in aghaidh na seachtaine don Phinsean Easláine mar a mbíonn an duine fásta faoi bhun 66 bliain d'aois;
- €9.30 in aghaidh na seachtaine do gach íocaíocht LCUDF eile.

Cuirfear méaduithe cionmhara i bhfeidhm nuair a bhíonn daoine ag fáil íocaíochtaí de LCUDF, ráta laghdaithe.

Beidh méadú de €14.00 in aghaidh na seachtaine go €165.60 sa ráta íosta de Shochar Máithreachais agus Sochar Uchtaithe ó Eanáir na bliana 2005.

Beidh méadú sa ráta de Shochar Máithreachais agus Sochar Uchtaithe ó 70% go 75% de thuilleamh seachtainiúil ináirithe ó Eanáir na bliana 2005.

Cosnóidh na méaduithe thuas €678.82 milliún i 2005 agus i mbliain iomlán.

Tacaíocht Oibre

Méadófar tairseacha ioncain don Fhorlónadh Ioncain Theaghlaigh faoi €39 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir na bliana 2005.

Méadófar Liúntas Chostas an Oideachais faoi €146 in aghaidh na bliana chuig €400 in aghaidh na bliana agus, i ndáil leis an rogha tríú leibhéal, laghdófar an tréimhse cháilithe do Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas ó 15 mí go 12 mí ó Mheán Fómhair na bliana 2005.

Méadófar an uas-síleáil don teidlíocht ar íocaíocht liúntais duine fásta incháilithe barrchaolaithe faoi €10.00 go €220.00 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir na bliana 2005.

Tabharfar isteach íocaíocht idirthréimhseach leathráta ar feadh sé mhí den Íocaíocht Theaghlach Tuismitheora Aonair mar a sáraíonn ioncam an fhaighteora €293.00 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir na bliana 2005.

Cosnóidh na bearta seo €17.73 milliún i 2005 agus €19.36 i mbliain iomlán.

Tacaíocht d'Ioncam Leanaí agus Troid i gcoinne Bochtaineacht Teaghlaigh

Méadófar Sochar Leanaí de €10.00 in aghaidh na míosa don chéad agus don dara leanbh go €141.60 in aghaidh na míosa; agus de €12.00 in aghaidh na míosa don tríú agus do na leanaí ina ndiaidh sin go €177.30 in aghaidh na míosa, a thiocfaidh in éifeacht ó Aibreán na bliana 2005.

Cosnóidh na méaduithe seo €102.08 milliún i 2005 agus €136.11 milliún i mbliain iomlán.

Méadófar na tairseacha ioncain do theidlíocht ar Liúntas leathráta do Chleithiúnaí Leanaí le sochar dífhostaíochta, sochar míchumais (agus sochair ghaolmhara) faoi €50.00 go €350.00 in aghaidh na seachtaine ó Eanáir na bliana 2005.

Áireofar leis na feabhsúcháin i scéim an Liúntais Leasa Fhorlionsaigh i ndáil le Forlionsa Bia agus Forlionsa Úis Chíos agus Morgáiste méadú sa neamhaird ioncain faoi €10.00 go €60.00 in aghaidh na seachtaine. Soláthrófar cistiú freisin do chostais áirithe naíonraí.

Cealófar measúnú um shochar agus pribhléid do Thacaíocht Dífhostaíochta do dhaoine ag 26 bliain d'aois ó Aibreán na bliana 2005.

Méadófar méid an chaipitil a ndéanfar neamhaird de chun críocha thástáil maoinne do gach scéim (cé is moite den Liúntas Leasa Fhorlionsaigh) ó €12,694.38 go €20,000 ó Mheitheamh na bliana 2005.

Soláthrófar breis chistithe don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh chun tacú le hobair sna réimsí ar nós comhairliú pósta agus teaghlaigh agus tabharfar cistiú méadaithe do shíniú i gClár an Lárionaid Theaghlaigh agus Acmhainne; an tSeirbhís um Chomhairle Airgid agus Buiséadaithe (MABS), an Ghníomhaireacht i gcoinne na Bochtaine agus Comhairle

Cosnóidh na bearta seo €16.91 milliún i 2005 agus €19.13 milliún i mbliain iomlán.

Tacú le Cúramóirí agus le daoine le Míchumas

Méadófar an neamhaird ioncain sheachtainiúil €250.00(singil)/€500.00 (cúpla) don mheasúnú maoinne do Scéim an Liúntais Chúramóra go €270.00/€540.00 faoi seach, ó Aibreán na bliana 2005.

Méadófar an Fordheontas um Chúram Faoisimh faoi €165.00 go €1,000.00 ó Mheitheamh na bliana 2005 agus soláthrófar é i ndáil le gach faighteoir cúraim.

Síneofar an Fordheontas Cúraim Fhaoisimh go daoine a sholáthraíonn cúram agus aird lán-aimseartha nach mbíonn ag obair níos mó na deich n-uair a chloig in aghaidh na seachtaine nó nach bhfaigheann íocaíocht dífhostaíochta.

Soláthrófar cistiú speisialta chuig Comhairle chun oibriú ullmhaitheach a thosú i dtreo shocrú na seirbhíse abhcóidíochta pearsanta do dhaoine le míchumais.

Déanfar feabhsúcháin ilghnéitheacha ar roinnt scéimeanna tinnis agus míchumais.

Cosnóidh na bearta seo €18.61 milliún i 2005 agus €20.58 milliún i mbliain iomlán.

SLÁINTE & LEANAÍ

Liúntais Sláinte

Táthar ag cur i bhfeidhm méaduithe de réir na gceann siúd d'fhaighteoirí leasa shóisialaigh ó Eanáir na bliana 2005.

Cosnóidh sé seo €6.62 milliún i 2005 agus i mbliain iomlán, ar soláthraíodh do €1.6 milliún de i Meastacháin Sheirbhísí Poiblí na bliana 2005.

Lá Domhanda SEIF

Táthar ag leithdháileadh suim de €0.5 milliún chuig grúpaí i dtionscadail faoin Stráitéis Náisiúnta um SEIF. I measc na ngrúpaí a bhainfidh leas as seo tá Open Heart House, Dublin Aids Alliance agus Red Ribbon.

Is é €0.5 milliún costas an bhirt seo sa bhliain 2005.

FIONTAR, TRÁDÁIL & FOSTAÍOCHT

Táthar ag cur i bhfeidhm méaduithe sna liúntais FÁS de réir na gceann siúd d'fhaighteoirí leasa ó Eanáir na bliana 2005.

Cosnóidh sé seo €30 milliún sa bhliain 2005 agus i mbliain iomlán, ar soláthraíodh do €7.5 milliún de i Meastacháin na bliana 2005 do na Seirbhísí Poiblí.

GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE & GAELTACHTA

Tacaíocht do Fhorbairt na Seirbhísí Pobail i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste

Cistiú breise de €5 milliún leithdháilte chun tacú le forbairt na seirbhísí pobail i gceantair faoi mhíbhuntáiste, chun comhlánú le rannchuidiú na n-oibrithe a fhostáítear do sheachadadh seirbhíse faoi Chlár an Gheilleagair Shóisialta agus an Tionscnaimh Phoist a n-oibríonn FÁS é.

TAOISEACH

Oilimpiad Eolaíochta an Aontais Eorpaigh

Táthar ag soláthar cistithe chun a ligean do reachtáil Oilimpiad Eolaíochta an Aontais Eorpaigh in Éirinn sa bhliain 2005.

Is é €0.5 milliún costas dó seo sa bhliain 2005.

RANNÁN III

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE LE MÍCHUMAS

CLÁR INFHEISTÍOCHTA ILBHLIANTÚIL, 2006-2009

Anuas ar an gcistiú atá soláthraithe don bhliain 2005 cheana féin in Imleabhar na Meastachán Giorraithe, táthar chun clár infheistíochta ilbhliantúil a thabhairt isteach chun tacú le forbairt seirbhísí tacaíochta d'ardtosaíocht um míchumas i gcaitheamh na tréimhse 2006-2009. Cuimseoidh an clár seo idir chaitheamh reatha agus chaitheamh caipitiúil mar seo a leanas:

Caiteachas Reatha (€m)

<u>Roinn/Oifig</u>		<u>2006</u>	<u>2007</u>	<u>2008</u>	<u>2009</u>
Sláinte & Leanaí	<i>Breis</i>	50	50	50	50
	<i>Bonn leanúnach</i>	50	100	150	200
	<i>Carnach</i>	50	150	300	500
Oideachas & Sláinte	<i>Additional</i>	7	13	5	5
	<i>Bonn leanúnach</i>	7	20	25	30
	<i>Carnach</i>	7	27	52	82
Iomlán	<i>Breis</i>	57	63	55	55
	<i>Bonn leanúnach</i>	57	120	175	230
	<i>Carnach</i>	57	177	352	582

Ina dteannta sin, soláthrófar €3m gach bliain sa tréimhse 2006-09 don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí. San iomlán, mar sin, tiocfaidh an caiteachas reatha breise carnach chuig €594 milliún sa tréimhse 2006 – 09.

Caiteachas Caipitil (€m)

<u>Roinn/Oifig</u>	<u>2006</u>	<u>2007</u>	<u>2008</u>	<u>2009</u>
Sláinte & Leanaí	55	55	55	55
Comhshaol, Oidhreacht & Rialtas Áitiúil	10	10	10	10
Oifig na nOibreacha Poiblí	10	10	10	10
Iomlán	75	75	75	75

Beidh an caitheamh caipitil ag €300 milliún san iomlán sa tréimhse 2006 – 09.

Ag cur an chistithe bhreise san áireamh a leithdháileadh cheana féin don bhliain 2005, imlínítear éifeacht fhortheilgthe an chistithe bhreise seo thíos:

SLÁINTE & LEANAÍ

Seirbhísí do Dhaoine le Míchumas Meabhrach/Intleachtach agus dóibh siúd le hUathachas

Soláthrófar 255 ionad chónaithe gach aon bhliain. Ag cur leis na 270 ionad nua a sholáthrófar i 2005 san áireamh, tabharfaidh sé seo iomlán de 1,290 ionad chónaithe nua ann.

Soláthrófar 85 ionad faoisimh nua gach aon bhliain. Ag cur na 90 ionad nua a sholáthrófar i 2005 san áireamh, tabharfaidh sé seo iomlán de 430 ionad faoisimh nua ann.

Soláthrófar 535 ionad lae nua gach aon bhliain. Ag cur na 400 ionad nua a sholáthrófar i 2005 san áireamh, tabharfaidh sé seo iomlán de 2,540 ionad lae nua ann.

Soláthrófar €2 mhilliún bhreise gach aon bhliain chun costas na foirne breise a chuimsiú a theastaíonn chun timpeall 600 duine a aistriú le míchumas intleachtúil/ le huathachas ó ospidéal síciatracha agus socrúcháin míchuí eile.

Seirbhísí do Dhaoine le Míchumais Cholainne agus Chéadfacha

Soláthrófar 80 ionad cónaitheach nua gach aon bhliain do dhaoine le míchumais suntasacha a bhíonn curtha in ionaid mhíchuí (ospidéal agus tithe altranais mar shampla). Ag cur na 60 ionad nua a sholáthrófar i 2005 san áireamh, tabharfaidh sé seo iomlán de 380 ionad cónaitheach nua ann.

Soláthrófar 250,000 uair sa bhreis de thacaíocht baile agus cúnaimh persanta gach aon bhliain ag cloí leis an bhfealsúnacht chun tacú le beatha neamhspleách do dhaoine le míchumas. Ag cur na 200,000 uair bhreise a sholáthrófar i 2005 san áireamh, tabharfaidh sé seo iomlán de 1,200,000 uair sa bhreis ann.

Seirbhísí Sláinte Meabhrach

Soláthrófar 100 ionad nua gach aon bhliain, ag tosú i 2006, in áiseanna pobalbhunaithe don tsláinte mheabhrach (lárionaid lae, ospidéal lae agus saoráidí cónaitheachta). Tabharfaidh sé seo iomlán de 400 ionad nua ann faoi cheann 2009.

OIDEACHAS & EOLAÍOCHT

Úsáidfean an cistiú breise chun soláthar na seirbhísí oideachais a fheabhsú do dhaoine fásta le míchumais, chun ról na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a leathnú, chun leibhéal an tsoláthair réamhscolaíochta a mhéadú agus chun achomhairc nua a thabhairt isteach mar a samhlaíodh san Acht um Oideachas do Dhaoine le hÉilimh Oideachasúla Speisialta 2004.

COMHSHAOL, OIDHREACTH & RIALTAS ÁITIÚIL

Úsáidfidh údarais áitiúla an cistiú chun foirgnimh phoiblí, bóithre agus cosáin, páirceanna, áiseanna, cuanta, agus láithreacha oidhreachta a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine le míchumais.

DLÍ AGUS CEART, COMHIONANNAS & ATHCHÓIRIÚ DLÍ

Beifear ag tabhairt isteach scéim de thacaíocht fordheontais chabhrach i 2005 do thionscadail na hearnála deonaí. Tabharfar tacaíocht do thionscadail aon uaire a léiríonn cur chuige nuálach

agus éifeachtach ó thaobh costais de do sholáthar na seirbhísí do dhaoine le míchumais agus ag a mbíonn an cumas lena bpríomhshruthú amach anseo.

Beifear ag soláthar suim de €3 mhilliún sa bhliain 2005 freisin. Dá réir sin, is é €15 milliún an pacáiste iomlán i rith na tréimhse 2005 – 2009.

OIFIG NA nOIBREACHA POIBLÍ

Infheistíodh an €2m sna blianta 2003 agus 2004 i gclár leanúnach d'iniúchtaí um inrochtaineacht fhoirgneamh poiblí agus obair fheabhsúcháin ina dhiaidh sin. Luathófar an clár seo le foráil/soláthar de €5m sa bhliain 2005 agus €10m i ngach bliain ó 2006 go 2009 chun rochtain ar fhoirgnimh poiblí a fheabhsú.

BEARTA EILE AON UAIRE

As na clúdaigh leasaithe caipitil don bhliain 2005:

- Íocfar €3.7 milliún ó vóta na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta le Teach Naomh Micheál, Belcamp, Baile Átha Cliath, chuig costas linn snámha.
- Íocfar €0.5 milliún ó vóta na Roinne Sláinte & Leanaí le Cumann Cathaoir-Rotha na hÉireann do chostas athchóiriú a LárIonad Saoire Náisiúnta (Cuisle) i nDún Iomáin, Co. Ros Comáin.

Is é €4.2 milliún costas na mbeart seo sa bhliain 2005.

RANNÁN IV

CLÚDAIGH CHAIPITIL ILBHLIANTÚIL 2005 - 2009

Tugadh isteach clúdaigh rollacha ilbhliantúla 5 bliana i mBuiséad na bliana 2004. Chuimsigh clúdach an Bhuiséid 2004 an tréimhse 2004 – 2008.

Cuimsíonn an clúdach caipitil meascán d'infheistiú Státchiste agus caipiteal Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach / Gníomhaireacht Airgeadais um Fhorbairt Náisiúnta a chistítear go bliantúil le híocaíochtaí aonadacha ón Státchiste sna Vótaí Roinne ábharacha. Baineann an ceann deireanach le tionscadail deartha, tógála agus oibriúcháin a sheachadfar le comhpháirtíocht phoiblí príobháideach agus cistithe ag an earnáil príobháideach nó ag an nGníomhaireacht Airgeadais um Fhorbairt Náisiúnta.

Eochair-eilimint de na socrúcháin um chlúdach caipitil is ea go gceadaíonn siad tabhairt-ar-aghaidh sa bhliain dár gcionn de chaipiteal neamhchaite go dtí uasmhéid de 10% den chaipiteal Vótáilte.

Beidh na tionscadail a sheachadfar trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha agus a chisteofar trí mhuirir úsáideoirí beidh siad forlíontach ins sna clúdaigh.

Cuimsíonn an clúdach sa Bhuiséad seo an tréimhse 2005 – 2009. Leithdháileann an clúdach 2005-2009 an cúlchiste neamh-leithdháilte don bhliain 2005, a áirítear sa Chlúdach Caipitil 2004-2008 agus rollann amach an clúdach leis an soláthar caipitiúil a áireamh don bhliain 2009 chun tosaíochtaí Rialtais a léiriú do na 5 bliana amach romhainn.

Is é €237 milliún an tuliompar caipitiúil de chaipiteal an Státchiste ó 2004 go 2005. Tá an tsuim seo sa bhreis ar sholáthar an chlúdaigh don bhliain 2005. Beidh beagnach €6.3 billiún de chaipiteal Státchiste ar fáil, lena n-áirítear an tabhairt-ar-aghaidh caipitiúil, á infheistiú sa bhliain 2005.

Déanann an Tábla ag Iarscríbhinn D achoimriú de réir an Ghrúpa Aireachta ar na leithdháileacháin faoin gclúdach caipitiúil don tréimhse 2005 – 2009, arb ionann iad agus infheistiú a chothabháil ag timpeall 4.7% den OTN i rith na tréimhse sin. Tiocfaidh an t-infheistiú caipitiúil iomlán sa chlúdach go €36.3 billiún. Is é seo a leanas briseadh síos ar an gciste sa Tábla:

	€bn
An Státchiste	32.0
CPP-anna	2.7
Cúlchiste neamh-leithdháilte ó	
An Státchiste	0.6
CPP-anna	1.0
	36.3

Tá spriocanna breise socraithe lasmuigh de na clúdaigh de €1.2 billiún i rith na tréimhse do chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha arna gcistiú ag táillí úsáideoirí.

